

Ráiteas Straitéise

2023 go 2025

Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm

Seirbhís le haghaidh Comhlíontachta

Aghaidh a Thabhairt ar Neamhcho mhlíontacht

Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riartha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muintir an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra

Réamhrá

Is iad príomhchúraimí na gCoimisinéirí Ioncaim ná cánacha agus dleachtanna a riar agus a bhailiú agus rialuithe custam a chur i bhfeidhm. Tá ár bhfócas straitéiseach bunaithe go daingean inár Misean, inár bhFís agus inár Luachanna, mar aon lenár gcolúin straitéiseacha chun tacú le comhlíontacht shaorálach agus chun freagra láidir ar neamhchomhlíontacht a sheachadadh. Fanann na colúin seo i gcónaí agus muid ag neartú fheidhmíocht na heagraíochta, ag beachtú ár samhlacha gnó, ag glacadh le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus ag tógáil orthu, agus ag réamh-mheas agus ag freagairt go réamhghníomhach d'athruithe inár dtimpeallacht inmheánach agus sheachtrach.

Tá cáiníocóirí, gnóthaí agus a n-ionadaithe ag súil níos mó le seirbhísí 24/7. Leanaimid orainn ag forbairt agus ag athrú ár seirbhísí mar fhreagra ar dhomhan atá níos digitithe ná riamh. Déanfaimid tuilleadh infheistíochta i rannpháirtíocht agus tuairisciú custaiméara fíor-ama, ag comhtháthú dualgaí comhlíontachta i ngníomhaíocht ghnó agus eacnamaíoch ar bhealaí a thagann le próisis ghnó. Laghdóidh sé seo an costas comhlíontachta do cháiníocóirí agus na rioscaí a bhaineann le neamhchomhlíontacht, cibé acu de thaisme nó d'aon turas. Éascóidh na hinfeistíochtaí seo gníomhaíocht gheilleagrach agus cuideoidh siad le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar thír atá fabhrach don ghnó a choinneáil. Aithnímid nach féidir leis an bpobal ar fad a bheith cumasaithe go digiteach ag an luas céanna, agus cinnteoidh go leanfaimid orainn ag freastal ar riachtanais gach duine.

Neartóimid an chaoi a n-oibrímid ionas go mbeimid in ann agus go dtacóimid le forbairt ár bhfoirne leis na scileanna, na cumais agus na luachanna chun leanúint lenár misean a sheachadadh. Príomhchuspóir is ea go mbeadh na scileanna teicniúla, bainistíochta agus ceannaireachta ag ár ndaoine, scileanna a theastaíonn uathu chun ardfheidhmíocht a sheachadadh. Aithnímid agus glacaimid go hiomlán leis an luach a bhaineann le lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach, a léiríonn agus a bhfuil muinín againn as an bpobal ar a bhfreastalaímid.

Tá Treochlár Glas forbartha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun ár lorg carbóin a laghdú sna blianta amach romhainn. Spreagfaidh ár gcur chuige i leith na hinbhuanaitheachta éifeachtúlacht oibríochtúil, nuálaíocht, acmhainneacht, rannpháirtíocht leis an bhfoireann agus le cáiníocóirí, agus muinín inár ngealltanais. Laghdóidh muid ídiú fuinnimh na gCoimisinéirí Ioncaim, mar shampla trínár n-eastát réadach a nua-aoisiú, trí nuáil bhreise a dhéanamh sa teicneolaíocht agus trí fhlít feithiclí na gCoimisinéirí Ioncaim a athrú.

Tá athrú mór ag teacht ar an timpeallacht idirnáisiúnta cánach agus custam, lena n-áirítear athchóiriú cánach corparáide domhanda, tograí AE maidir le hathchóiriú CBL, athruithe suntasacha pleanáilte sa tírdhreach custam idirnáisiúnta agus forbairt leanúnach ar chaidreamh na Ríochta Aontaithe leis an AE. Leanfaimid orainn ag glacadh páirt an-ghníomhach sna forbairtí seo, ag idirchaidreamh go dlúth leis an Roinn Airgeadais chun an polasaí agus an reachtaíocht a theastaíonn a fhorbairt chun comhaontuithe AE agus idirnáisiúnta a shonrú agus a chur i bhfeidhm.

ar lean.....

Déanfaimid infheistíocht i bhforbairt córais, próisis agus cumais atá ag teastáil chun na rialacha athraitheacha do cháiniocóirí corparáideacha móra a riaradh go héifeachtach. Cuirfimid treoirlíne ar fáil freisin do cháiniocóirí chun comhlíontacht shaorálach a chumasú. I gcás custaiméirí beaga, déanfaimid comhlíontacht na míosa cuí a uasmhéadú agus éascóidh muid imeacht inbhuanaithe ón Stóras Fiachais. Díreoidh muid arís ar smuigleáil agus ar ghníomhaíochtaí mídhleathacha eile a fhéachann le cánacha agus dleachtanna a sheachaint. Cuirfidh sé seo lenár gcur isteach agus an tionchar a bheidh againn ar na gníomhaíochtaí sin.

In 2023, déanann na Coimisinéirí Ioncaim comóradh céad bliain ar an bhfód. Táimid bródúil as ár ról ríthábhachtach i riarachán poiblí an Stáit, as ár gcumas cruthaithe ár gcórais agus ár saineolas a oiriúnú chun tacú le tosaíochtaí níos leithne Rialtais, agus as ár gcáil ag déanamh seachadadh suntasach. Tréimhse dhúshlánach ach spreagúil a bheidh sa tréimhse atá amach romhainn. Agus muid ag tabhairt faoinár gcéad chéad eile, táimid soiléir faoi na gníomhaíochtaí is gá dúinn a dhéanamh chun leanúint ar aghaidh ag seachadadh don phobal. Táimid faoi threoirlíne ag ár Misean, ár bhFís agus ár Luachanna, táimid uaillmhianach inár dtreo agus inár dtosaíochtaí, agus táimid muiníneach as gairmiúlacht ár ndaoine chun iad a sheachadadh.



*Ruth Kennedy
Coimisinéir*

*Niall Cody
Cathaoirleach*

*Gerry Harrahill
Coimisinéir*

Croí-Luachanna

Meas

Glacann muid le hionracas cáiníocóirí agus iad ag plé linn. Nuair atá cúis againn a mhalairt a chreidiúint, gníomhaíonn muid ina leith sin. Caithimid le daoine le dínit. Tá meas againn ar dhifríochtaí agus spreagaimid éagsúlacht.



Gairmiúlacht

Tá muid gairmiúil inár gcuid oibre, agus díríonn muid ar cháilíocht, tráthúlacht agus comhsheasmhacht.



Comhoibriú

Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le gach geallsealbhóir, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá ionchur gníomhach againn i gcuispóirí comhroinnte a bhaint amach ar fud na Státseirbhíse agus na hEarnála Poiblí.

Cuireann muid comhoibriú agus inbhuanaitheacht i gcroílár an chlaochlaithe dhigitigh agus ghnó.



Gastacht

Tá muid solúbtha, sofhreagrach agus seasmhach. Tacaíonn agus spreagann muid an nuálaíocht agus chun feabhas leanúnach a chur ar an mbealach a oibríonn muid.



Ionracas

Tá muid ionraic, cuntasach agus trédhearcach. Nuair a dhéanann muid botún, aithníonn muid é seo agus cuireann muid cuí air.



Tosaíochtaí Straitéiseacha

Ar fud ár dtosaíochtaí straitéiseacha, cuirfimid le traidisiún láidir na gCoimisinéirí Ioncaim leas a bhaint as teicneolaíocht chun **deiseanna claochlaitheach** a thapú chun comhlíontacht a dhéanamh níos éasca agus deiseanna neamhchomhlíontachta á ndearadh



Tiomanta don Chomhlíontacht

Déanfaimid ár mbealaí oibre a ailíniú chun leibhéal comhlíontachta shaorálach thráthúla a uasmhéadú. Cuirfidh muid le héifeachtacht ár gCreat Idirghabhálacha Comhlíontachta inár bhfreagra ar rioscaí comhlíontachta.

Forbróimid straitéis láidir bainistíochta sonraí chun úsáid sonraí a mhéadú, rioscaí comhlíontachta a aithint agus freagra níos gaire d'fhíor-am, agus cabhrú le custaiméirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh.

Beimid ag díriú tuilleadh ar smuigleáil agus ar ghníomhaíocht neamhdhleathach, ag obair i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta um chosc na coireachta agus ag úsáid ár raon iomlán sócmhainní.



Daoine

Forbróimid agus feabhsóimid scileanna teicniúla, bainistíochta agus ceannaireachta ár ndaoine chun freastal ar riachtanais timpeallachta atá ag síorathrú. Cothóimid lucht saothair éagsúil agus cuimsitheach, atá ionadaíocht ar an bpobal ar a bhfreastalaímid.



Teicneolaíocht

Déanfaimid tuilleadh infheistíochta i bhforbairt agus i gcothabháil chroíchórais TF agus teicneolaíochtaí digiteacha na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear an t-aistriú chuig córais fíor-ama agus scor na teicneolaíochta deireadh saoil agus ísealfhillte. Déanfaimid cánachas a chomhtháthú i bpróisis laethúla saoil agus gnó agus leathnóimid rannpháirtíocht agus tuairisciú fíor-ama ag cáinócoirí.



Tacaíocht polasaí

Comhoibreoidh muid le dlínsí agus institiúidí comhpháirtíochta go hidirnáisiúnta, agus le comhlachtaí seirbhíse poiblí eile, go háirithe ag tacú leis an Aire agus leis an Roinn Airgeadais chun polasaí cánach agus dleachta a fhorbairt. Déanfaimid ionadaíocht éifeachtach ar leasanna na hÉireann san AE, san OECD agus san Eagraíocht Dhomhanda Custam.



Inbhuanaitheacht

Cuirfimid ár dTreochlár Glas i bhfeidhm chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus chun bealaí nua oibre a neadú a laghdaíonn úsáid agus costais fuinnimh. Déanfaimid ár gcion i ngach obair tras-Rialtais chun spriocanna inbhuanaitheachta trasghearrtha a bhaint amach.



Dírithe ar an gCustaiméir

Cuirfimid ar chumas ár custaiméirí a bheith comhlíontach go saorálach trí sheirbhísí ardchaighdeán a sholáthar.

Bainfimid leas as teicneolaíochtaí chun roghanna féinseirbhíse a fheabhsú, rud a chuirfidh ar chumas ár gcustaiméirí dul i dteagmháil linn ag am agus in áit a roghnaíonn siad.

Tabharfaimid tacaíocht réamhghníomhach do chustaiméirí sa Stóras Fiachais chun an Stóras a fhágáil trí chomhaontuithe íocaíochta saincheaptha.

Agus aitheantas á thabhairt againn don ról lárnach atá ag idirghabhálaithe cánach agus custam, déanfaimid iarracht feabhas a chur ar ár dtacaíocht dá gcuid oibre chun tacú le comhlíontacht agus chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíontacht.